Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15113/23**

**LIMITE**

**CORLX 1009**
**CFSP/PESC 1491**
**RELEX 1277**
**COASI 191**
**COEST 591**
**COLAC 141**
**COAFR 394**
**MAMA 164**
**MOG 145**
**COHOM 213**
**CYBER 279**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle lena leasaítear cinntí agus rialacháin áirithe a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach |

1. An 9 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2664 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCR) (2022), á mheabhrú di na rúin a ghlac sí roimhe seo lena bhforchuirtear bearta smachtbhannaí mar fhreagairt ar bhagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta, agus á chur i dtábhacht di maidir leis na bearta a dhéanann Ballstáit na Náisiún Aontaithe chun smachtbhannaí a chur chun feidhme, go gcomhlíonann na bearta sin oibleagáidí na mBallstát sin faoin dlí idirnáisiúnta agus nach bhfuil na bearta sin ceaptha iarmhairtí díobhálacha daonnúla a bheith acu do phobail shibhialtacha, do ghníomhaíochtaí daonnúla ná dóibh siúd a dhéanann gníomhaíochtaí daonnúla.

2. An 14 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/338, lenar tugadh isteach an díolúine dhaonnúil de bhun Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcórais beart sriantach an Aontais lena dtugtar éifeacht do na bearta arna gcinneadh ag CSNA nó ag a Choistí Smachtbhannaí.

3. An 31 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/726, lenar tugadh isteach an díolúine dhaonnúil de bhun Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcórais beart sriantach an Aontais lena dtugtar éifeacht do na bearta arna gcinneadh ag CSNA nó ag a Choistí Smachtbhannaí agus maidir le bearta comhlántacha arna gcinneadh ag an gComhairle.

PUBLIC

4. An 7 Samhain 2023, chuir an tArdionadaí togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun Cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha a leasú chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach (15109/23). An 8 Samhain 2023, chuir an tArdionadaí agus an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le heisceachtaí daonnúla a chur isteach (15111/23).

5. An 13 Samhain 2023, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú faoi théacsanna an dréachtchinnidh ón gComhairle agus an dréachtrialacháin ón gComhairle.

6. Sna himthosca sin, iarrtar ar Coreper an méid a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle agus an dréachtrialachán ón gComhairle a dhearbhú;
- a mholadh don Chomhairle:
    - an Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach, mar a leagtar amach in 15110/23 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;
    - an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach, mar a leagtar amach in 15112/23 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh.